# TransformED

## Curaclam Thuaisceart Éireann 2028: Treoracha Gairide do Scoileanna

## TREOIR 2: CAD CHUIGE A BHFUIL ATHRÚ Á CHUR AR AN CHURACLAM?



# Cuspóir na treorach seo

Míníonn an treoir seo na cúiseanna taobh thiar den mholadh maidir le leasú curaclaim i dTuaisceart Éireann agus déanann sí achoimre ar na príomhthorthaí ón Athbhreithniú Straitéiseach ar Churaclam Thuaisceart Éireann.

Is é an aidhm atá léi cuidiú le ceannairí scoile, múinteoirí, rialtóirí agus foireann tacaíochta an cás fá choinne athraithe a thuiscint agus machnamh a dhéanamh ar an dóigh a mbaineann torthaí an athbhreithnithe lena gcomhthéacs scoile féin.

Tá sé tábhachtach a thabhairt fá deara gur thángthas ar an chonclúid san athbhreithniú go bhfuil roinnt láidreachtaí ag an churaclam reatha ach go bhfuil athbhreithniú agus athnuachan ag teastáil lena chinntiú go leanann sé ar aghaidh le riachtanais leanaí agus daoine óga a chomhlíonadh.

# Cad chuige ar athbhreithníodh an curaclam?

Tugadh isteach Curaclam Thuaisceart Éireann sa bhliain 2007. Ag an am sin, léirigh sé athrú suntasach i smaointeoireacht oideachasúil, athrú a thug níos mó solúbthachta do scoileanna agus a spreag fócas níos láidre ar scileanna, ar fhorbairt phearsanta agus ar fhoghlaim traschuraclaim.

Ó shin i leith, tá athrú mór suntasach tagtha ar an oideachas. Tá forbairt tagtha ar thaighde ar fhoghlaim agus ar dhearadh curaclaim, tá ionchais shochaíocha i ndiaidh athrú agus tá beagnach dhá scór bliain de thaithí faighte ag scoileanna i gcur i bhfeidhm an churaclaim.

Dá bhrí sin, choimisiúnaigh an Roinn Athbhreithniú Straitéiseach lena mheas an raibh an curaclam náisiúnta reachtúil go fóill oiriúnach don chuspóir agus an raibh sé ag soláthar an taithí oideachais is fearr is féidir d’achan leanbh agus duine óg.

Cé gur aithin an t-athbhreithniú go raibh gnéithe dearfacha a bhaineann leis an churaclam reatha, sainaithníodh roinnt dúshlán suntasach ann fosta a chruthaíonn argóint láidir fá choinne leasaithe, nuair a chuirtear le chéile iad.

**Príomhcheist 1: Easpa soiléireachta maidir le cad é ba chóir do dhaltaí a fhoghlaim**

I measc na dtorthaí is suntasaí, léirigh an t-athbhreithniú go minic nach raibh dóthain soiléireachta i gcuraclam reatha Thuaisceart Éireann maidir leis an mhéid ba chóir a bheith ar eolas ag daltaí, cad é ba chóir dóibh a thuiscint agus a mheabhrú ag céimeanna éagsúla dá n-oideachas.

Tugann an curaclam reatha solúbthacht shuntasach do scoileanna. Cé gur féidir le solúbthacht a bheith luachmhar, is féidir léi éiginnteacht a chruthú fosta.

Go praiticiúil, is minic a bhíonn léamh difriúil ag scoileanna ar riachtanais churaclaim. Mar thoradh air sin, d’fhéadfadh go mbeadh ábhar curaclaim an-difriúil agus leibhéil éagsúla dúshlán ag daltaí den aois chéanna atá ag freastal ar scoileanna éagsúla.

Tá impleachtaí tábhachtacha aige seo do chomhsheasmhacht ar fud an chórais oideachais.

I gcás nach bhfuil ionchais soiléir:

- d’fhéadfaí neamhaird a dhéanamh ar eolas riachtanach;
- is féidir go mbeidh éagsúlacht mhór i gclúdach an churaclaim idir scoileanna;
- is féidir le múinteoirí a bheith neamhchinnte fá thosaíochtaí; agus
- éiríonn aistrithe idir scoileanna agus céimeanna níos dúshlánaí.

Tháinig an t-athbhreithniú ar an chonclúid go mbainfidh scoileanna leas as soiléireacht níos fearr maidir leis an phríomheolas, na coincheapa tábhachtacha agus an tuiscint lárnach ba chóir do gach dalta a fhorbairt agus iad ag dul chun cinn fríd an oideachas.

**Príomhcheist 2: Ró-ualach curaclaim**

Thuairiscigh go leor múinteoirí go bhfuil an iomarca riachtanas comhsháraitheacha sa churaclam reatha. Le himeacht ama, tá scoileanna i ndiaidh iarracht a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar raon leathan tosaíochtaí lena n-áirítear inneachar ábhar léinn, scileanna traschuraclaim, scileanna smaointeoireachta, agus tionscnaimh beartais éagsúla agus saincheisteanna sochaíocha. Cé go bhfuil luach ag baint le gach ceann díobh seo, mhothaigh go leor múinteoirí nach raibh dóthain treorach ann maidir leis an mhéid ba chóir a chur chun cinn.

Dá bharr sin, in amanna is féidir le pleanáil churaclaim díriú ar ábhar a "chlúdach" seachas a chinntiú go bhfuil sé foghlamtha go daingean ag daltaí. Chuir múinteoirí síos ar an bhrú a mhothaigh siad le bogadh go gasta ó thopaic go topaic gan dóthain deiseanna fá choinne daingnithe, cuimhne agus tuisceana níos doimhne. Tugann an t-athbhreithniú le fios go mbeadh níos mó ama fá choinne teagaisc, cleachtaidh, plé agus machnaimh dá mbeadh curaclam níos dírithe ann le tosaíochtaí aitheanta go soiléir.

Ní hionann seo agus laghdú a dhéanamh ar uaillmhian. Ina áit sin, is é an rud atá i gceist ná soiléireacht a thabhairt fá na rudaí is tábhachtaí. In áit líon mór topaicí neamhcheangailte a theagasc ar an chéad fhéachaint, díreoidh scoileanna níos follasaí ar an eolas agus na coincheapa is tábhachtaí agus cinnteoidh siad go dtuigfidh na daltaí go domhain iad.

**Príomhcheist 3: Dul chun cinn míshásúil sa churaclam**

Leag an t-athbhreithniú béim ar imní fán dóigh a bhforbraíonn an fhoghlaim na céimeanna éagsúla den oideachas ar fad. Tugtar comhleanúnachas ilchéime air seo. I gcásanna áirithe, tagann daltaí ar na smaointe céanna arís agus arís eile gan dul ar aghaidh go leibhéil tuisceana níos doimhne. I gcásanna eile, tagann bearnaí chun cinn toisc nach mbíonn coincheapa tábhachtacha múinte go córasach.

Tá i bhfad níos mó i gceist le dul chun cinn ná bogadh ó bhliainghrúpa amháin go dtí an cheann eile. Seo a leanas an méid atá i gceist le fíordhul chun cinn:

- naisc idir foghlaim roimhe seo agus foghlaim nua;
- doimhneacht tuisceana méadaithe;
- cur i bhfeidhm níos láidre eolais; agus
- smaointeoireacht níos sofaisticiúla agus níos neamhspleáiche le himeacht ama.

Fuarthas amach san athbhreithniú nach raibh dul chun cinn an churaclaim soiléir nó follasach go sásúil i gcónaí. Mar thoradh air sin, is minic a bhíonn ar mhúinteoirí a gcinntí féin a dhéanamh maidir le seicheamhú agus dul chun cinn, rud a d'fhéadfadh neamhréireacht a chruthú. Tá sé mar aidhm ag Curaclam nua Thuaisceart Éireann 2028 creatlacha dul chun cinn níos láidre a sholáthar ionas go bhforbrófar an fhoghlaim níos éifeachtaí le himeacht ama.

**Príomhcheist 4: Easpa béime ar eolas**

Teachtaireacht lárnach a tháinig chun cinn as an athbhreithniú ná an gá atá le ról an eolais taobh istigh den churaclam a neartú. Aithníodh san athbhreithniú go bhfuil scileanna go fóill tábhachtach. Mar sin féin, leagadh béim ann nach féidir scileanna a fhorbairt ina n-aonar.

Caithfidh daltaí eolas daingean a fháil le:

- smaoineamh go criticiúil;
- fadhbanna a réiteach go héifeachtach;
- cumarsáid shoiléir a dhéanamh;
- fianaise a mheas; agus
- foghlaim a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna nach raibh eolas acu orthu.

Mar shampla, braitheann smaointeoireacht chriticiúil sa stair ar eolas stairiúil. Braitheann fiosrúchán eolaíoch ar thuiscint eolaíoch. Braitheann scríbhneoireacht éifeachtach ar eolas ar stór focal, ar theanga agus ar inneachar ábhar léinn.

Dá bhrí sin, molann an t-athbhreithniú cur chuige ar mhórán eolais níos láidre i leith dearadh curaclaim. Bheadh sé seo i gceist leis an eolas is tábhachtaí a aithint agus a chinntiú go múinfear, go n-athbhreithneofar é agus go gcoinneofar é.

Tá níos mó i gceist le curaclam ar mhórán eolais ná fíricí a chur de ghlanmheabhair amháin, rud atá tábhachtach. Baineann sé le tuiscint a thógáil fríd fhoghlaim atá seicheamhach go cúramach.

**Príomhcheist 5: Cothromas agus teidlíocht churaclaim**

Ardaíodh imní fá chothromas san athbhreithniú fosta.

Ceann de na príomhcheisteanna a pléadh ná an mbaineann achan fhoghlaimeoir leas comhionann as an churaclam reatha. Tugann fianaise le fios go bhféadfadh constaicí a bheith roimh roinnt grúpaí daltaí maidir le rochtain a fháil ar an teidlíocht churaclaim iomlán, lena n-áirítear daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, foghlaimeoirí atá faoi mhíbhuntáiste agus daoine eile a bhféadfadh taithí oideachais an-difriúil a bheith acu ag brath ar an chomhthéacs.

Dá bhrí sin, leagadh béim san athbhreithniú ar thábhacht churaclaim a chomhcheanglaíonn ionchais arda le hionchuimsiú fiúntach. Ní bhaineann curaclam cothrom le caighdeáin a ísliú. Ina áit sin, baineann sé le cinntiú go bhfuil rochtain ag achan fhoghlaimeoir ar fhoghlaim uaillmhianach a bhfuil tacaíocht á fáil aici ó scafláil, acmhainní agus cur chuige teagaisc iomchuí.

# Cén tionchar atá aige seo ar scoileanna?

Níltear ag súil go ndéanfaidh scoileanna a gcuraclam a athdhearadh fá láthair. Ina áit sin, tugann an tréimhse chomhairliúcháin deis machnamh a dhéanamh ar an chleachtas reatha agus impleachtaí na leasuithe atá beartaithe a mheas.

B’fhéidir gur mhaith le scoileanna a gcuraclam reatha a mheas agus aird ar leith a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- cé chomh soiléir agus atá an t-eolas riachtanach sainaitheanta ar fud na Réimsí Foghlama uilig;
- an ndéanann an fhoghlaim dul chun cinn go córasach le himeacht ama;
- an dóigh a ndéantar cinntí curaclaim fá láthair; agus
- an bhfuil an leibhéal uaillmhéine céanna ag achan fhoghlaimeoir.

Ba cheart an próiseas leasaithe a mheas mar dheis fá choinne idirphlé gairmiúil.

# Ceisteanna plé do scoileanna

1. Cá bhfeiceann muid neamhréireachtaí nó bearnaí sa dul chun cinn a léiríonn torthaí an Athbhreithnithe Straitéisigh fá churaclam Thuaisceart Éireann?
2. Cé chomh héifeachtach agus a thacaíonn ár gcuraclam le achan fhoghlaimeoir?
3. Cad iad na gnéithe de thorthaí an athbhreithnithe is gaire atá ag teacht lenár dtaithí féin?
4. An bhfaigheann daltaí dóthain deiseanna le tuiscint dhomhain a fháil?
5. Cad iad na deiseanna a d'fhéadfadh leasú curaclaim a chruthú le feabhas a chur ar theagasc agus ar fhoghlaim inár scoil?

# Príomhtheachtaireacht

Is é atá i gceist le leasú curaclaim ná cur le láidreachtaí Churaclam reatha Thuaisceart Éireann agus aghaidh a thabhairt ar réimsí ina bhfuil gá le soiléireacht, comhleanúnachas agus comhsheasmhacht níos fearr.

Fríd dhul chun cinn a neartú, eolas riachtanach a shainaithint ar bhealach níos soiléire agus cothromas a chur chun cinn d'achan fhoghlaimeoir, tá sé mar aidhm ag na leasuithe atá beartaithe a chinntiú go mbainfidh achan leanbh agus duine óg leas as curaclam ardchaighdeáin, uaillmhianach agus cuimsitheach a ullmhaíonn iad don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, don obair agus don rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí.

# Léitheoireacht mholta

- Athbhreithniú Straitéiseach ar churaclam Thuaisceart Éireann
  - Tuairisc achomair
  - Tuairisc iomlán (caibidil 5,6 agus 7)
  - Freagra na Roinne
- Curaclam 2028: Páipéar achomair (caibidil 3 agus 4)